

Ábhar

An Dea-Fhoghlaimeoir Teanga

Mír Fuaim

Karen Ní Chlochasaigh ag labhairt leis an Dr. Muiris Ó Laoire faoi thréithe an dea-fhoghlaimeora teanga

Téacs Léitheoireachta

Sliocht as an alt ‘Dea-fhoghlaimeoirí teanga i mbun foghlama: cad iad na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu?’ Muiris Ó Laoire agus Karen Ní Chlochasaigh. *Teagasc na Gaeilge (Imleabhar 9)*. Comhar na Múinteoirí Gaeilge, Baile Átha Cliath: 2010

Le caoinchead ó na húdair agus ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar an téacs d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



**An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Triú Leibhéal**

An Dea-Fhoghlaimeoir Teanga

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht leis an Dr. Muiris Ó Laoire ag caint le Karen Ní Chlochasaigh faoi thréithe an dea-fhoghlaimeora teanga. Sula n-éisteann tú leis an mír, déan an réamhobair thíos.

- Déan féin agus do ghrúpa liosta de na tréithe a bhíonn, dar libh, ag foghlaimeoirí maithe teanga. Ansin féachaigí cé mhéad de na tréithe sin atá agaibh féin, dar libh. Cad iad na tréithe is tábhachtaí ar bhur liosta?
- Tabhair sainmhíniú ar na téarmaí seo a leanas.

teangeolaíocht
teangeolaíocht fheidhmeach
sochtheangeolaíocht

- Cad é an tábhacht a bhaineann leis na nithe seo a leanas d'fhoghlaimeoirí teanga, dar libh? Cé acu is tábhachtaí d'fhoghlaimeoirí ag an mbunleibhéal seachas ag leibhéal ollscoile.

inspreagadh
meon i leith na teanga
féinmhuinín
suim sa ghramadach
neamhspleáchas

- Dá mbeadh cur amach agat ar nithe a chabhródh leat teanga a fhoghlaim ar bhealach níos éifeachtaí, an mbeifeá sásta triail a bhaint astu? Cad iad na nithe a thaitníonn / nach dtaitníonn leat nuair a bhíonn tú ag iarraidh cur le do chuid Gaeilge?
- Cén úsáid is féidir a bhaint as na hacmhainní seo a leanas chun cur le do chumas sa Ghaeilge?

www.beo.ie
an foclóir beag ar líne: <http://193.1.97.44/focloir/gaelspell>
www.aistear.ie
vifax don Ghaeilge <http://www.nuim.ie/language/vifax/>

Éisteacht

Éist leis an mír agus déan liosta de na tréithe a luann Muiris leis an dea-fhoghlaimeoir teanga.

Feasacht Teanga

- Cad iad na tréithe i gcaint Mhuiris agus Karen a chuireann a gcanúint in iúl?
- Cuir na focail seo a leanas in abairtí a léireodh a mbrí:

áirithe	go háirithe
san áireamh	in áirithe

- Féach ar na frásaí seo. An féidir leat na hearráidí iontu a cheartú?

tá siad ag plé an cheist sin le fada
ag cur síos ar tréithe fhoghlaimeoirí
táthar ag cur suim sa cheist
táthar ag cur suime sa foghlaimeoir
straitéisí áirithe gur bhain foghlaimeoirí maithe úsáid astu
bheadh sé sásta triall a bhaint as

- Cén Béarla a chuirfeá ar an bhfrása thíos as an téipscrip?

straitéisí áirithe ar bhain foghlaimeoirí maithe úsáid astu

Anois déan iarracht Gaeilge a chur ar na frásaí seo a leanas:

- o strategies that learners use
- o strategies that learners will use
- o strategies that learners would use
- o learners who will succeed in learning the language
- o learners who succeeded in learning the language
- o learners who would succeed in learning the language

Iarobair

- Tá an dreas cainte seo le Muiris bunaithe ar alt a scríobh sé féin agus Karen Ní Chlochasaigh san fhoilseachán *Teagasc na Gaeilge (Imleabhar 9)* sa bhliain 2010. Teideal an ailt ná ‘Dea-fhoghlaimeoirí teanga i mbun foghlama: cad iad na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu?’

Conas a scríobhfá an tagairt don alt sin i leabharliosta? Bíodh sé beacht cruinn ó thaobh na gcoinbhinsiún a mholtar sa choláiste.

- Anois léigh an téacs agus pléigh leis an duine in aice leat cad a shíleann sibh faoi. An bhfuil aon tuiscintí breise agaibh anois maidir le foghlaim teanga tar éis an t-alt a léamh agus éisteacht leis an mír?
- Pléigh an abairt seo as an alt: ‘...leathnaíodh an tuiscint go raibh dlúthbhaint ag foghlaim níos mó ná teagasc leis an sealbhú teanga...’

Téipscript

Karen Ní Chlochasaigh

Is ar dhea-fhoghlaimeoirí na Gaeilge i mbun foghlama a bheimid ag caint anois agus ar na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu. Ar dtús, áfach, ní mór an cheist a chur – cad is dea-fhoghlaimeoir teanga ann?

Muiris Ó Laoire

Ceist ana-mhaith ar fad, mar tá na teangeolaithe feidhmeacha ag plé na ceiste sin le fada an lá. Táthar ag cur suime san fhoghlaimeoir aonair mar ábhar taighde ó na seachtóidí anuas. Daoine ar nós Skehan, Ellis, Dornyei, agus tá roinnt mhaith taighde déanta acu, go háirithe ar thréithe foghlaimeoirí a n-éiríonn go suntasach leo an teanga a shealbhú agus iad ar scoil. Bhí bean ann sna seachtóidí i Meiriceá – Joan Rubin – agus dhein sise taighde air seo agus mar thoradh ar a cuid taighde i measc foghlaimeoirí, chuir sí liosta de thréithe le chéile a léiríonn foghlaimeoirí atá go maith. Agus liosta go háirithe de na tréithe seo a bhíonn ag foghlaimeoirí maithe i mbun foghlama*. Agus bhain cuid de na tréithe seo le straitéisí áirithe ar bhain foghlaimeoirí maithe úsáid astu. Mar shampla, is dea-fhoghlaimeoir é an té a mbíonn fonn de shíor air buille faoi thuairim a thabhairt, nó bíonn fonn láidir air cumarsáid a dhéanamh. Agus foghlaim ón gcumarsáid sin. Agus bheadh sé sásta fiú triail a bhaint as rud ar bith chun an chumarsáid sin a chur i gcrích. Rud eile a fuair sí amach ná... agus a fuair na teangeolaithe feidhmeacha amach, ná gur cuma le foghlaimeoirí maithe má dhéanann siad botún nó amadán díobh féin le linn cumarsáide. Sin rud ana-shuimiúil ar fad. Agus is cuma le foghlaimeoirí maithe chomh maith mura mbíonn gach rud soiléir dóibh i gcónaí – foghlaimeoirí áirithe bíonn siad ana-bhuartha mura mbíonn rudaí soiléir. Ach is cuma leis na foghlaimeoirí maithe seo de réir dealraimh, mar féadann siad cur suas le héiginnteacht. Agus déanann siad cúram chomh maith de chruinneas agus den ghramadach. Ní hionann sin is a rá go mbíonn siad neamhchúramach i leith an chruinnis – ní bhíonn – mar bíonn siad ag faire amach do phatrúin sa ghramadach. Cleachtann siad an sprioctheanga agus cumarsáid chomh minic agus is féidir lasmuigh de chomhthéacs na scolaíochta. Agus tugann sé nó siad a gcuid cainte agus caint daoine eile faoi deara an t-am ar fad. Bíonn siad sórt fiosrach – bíonn suim acu tuairimí daoine eile faoina chumas sa teanga... nó faoina gcumas sa teanga. Agus tugann siad aird ar an mbrí arbh fhéidir a bhaint as an sprioctheanga. So sin iad is dóigh liom na tréithe – liosta de na tréithe – a chuir na teangeolaithe feidhmeacha le chéile.

Karen Ní Chlochasaigh

Bhuel, is léir go bhfuil taighde ana-thábhachtach déanta ó thaobh na dea-fhoghlama de go hidirnáisiúnta, mar sin, a chuireann saineolas agus léargas luachmhar ar fáil dúinn, ach cén tábhacht a bhaineann le staidéar den chineál seo i gcás na Gaeilge, an dóigh leat? Agus cad iad na buntáistí a bhainfeadh leis na torthaí ach go háirithe?

Muiris Ó Laoire

Tá sé ana-thábhachtach i gcás na Gaeilge. Cé go bhfuil mórthaighde déanta i réimse thábhacht inspreagaidh cuir i gcás, i gcás na Gaeilge, dála staidéar Uí Fhathaigh agus Murtagh agus mar sin de, rud amháin nach bhfuil againn go dtí seo – níl próifileanna, nó scéalta, más maith leat, na bhfoghlaimeoirí curtha le chéile againn i gcás na Gaeilge.

Agus na scéalta seo, agus na próifileanna, thabharfaidís léargas luachmhar dúinn ar phróiseas éifeachtach an tsealbhaithe teanga sa seomra ranga. So sin an buntáiste a bheadh lena leithéid de thaighde i gcás na Gaeilge.

Karen Ní Chlochasaigh

Agus liostaigh tú na tréithe ansan a bhí ag Rubin siar sna seachtóidí. Ach ó thaobh do chuid taithí féin de, an aontófá leis na tréithe atá aitheanta sa taighde idirnáisiúnta san i gcás foghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge agus an bhfuil aon tréithe comónta aitheanta nó tugtha faoi deara agat féin a bhaineann le foghlaimeoirí éifeachtacha?

Muiris Ó Laoire

Ceist mhaith arís. D’aontóinn go hiomlán, mar na tréithe atá tugtha faoi deara agam féin, is iad na tréithe céanna dar ndóigh...nuair a léigh...nuair a léas i dtosach an taighde a bhí déanta ag na taighdeoirí seo, chuir sé ag machnamh mé ar na tréithe seo. Agus ansan fuaireas amach go mbíonn roinnt tréithe comónta. Agus tá siadsan tugtha faoi deara agam ó mo thaithí féin sa seomra ranga. Agus na tréithe seo, baineann siad leis na foghlaimeoirí éifeachtacha. Agus na tréithe comónta seo, d’fhéadfaí iad a rangú de réir na mórchatagóirí seo a leanas. Uimhir a haon, meon i leith na teanga. Uimhir a dó, feasacht teanga. Uimhir a trí, cur chuige foghlama. Tréithe pearsantachta – agus beidh mé ag caint a thuilleadh faoi san ar ball. Agus ar ndóigh cúrsaí inspreagaidh. Ach nílimid ag maíomh go bhfuil na tréithe comónta seo i gcónaí ag gach dea-fhoghlaimeoir mar tá a fhios agat féin ar deireadh thiar, ní hionann aon bheirt fhoghlaimeoirí. Ach é sin ráite, is minic na tréithe seo thíos, mar shampla, agus seo iad na tréithe go háirithe. An meon – nó an dearfa i leith na teanga. An fheasacht teanga – tugann siad rudaí faoi deara. An cur chuige foghlama – bíonn sé ceart i gcónaí – bíonn sé éifeachtach. Agus na tréithe pearsantachta seo a leanas: misneach, leathanaigeantacht, féintuilleamaí nó féinmhuinín, tiomantacht, gealgháire agus rannpháirtíocht, praiticiúlacht, díograis agus feasacht.

Karen Ní Chlochasaigh

Ana-mhaith, ana-mhaith. Liosta ana-chuimsitheach ansan agat.

Muiris Ó Laoire

Sea.

Karen Ní Chlochasaigh

Agus tá lón machnaimh curtha ar fáil agat anseo dúinn chomh maith, agus is léir gur fiú go mór d’fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí araon a bheith ag díriú ar an bhfoghlaim éifeachtach, ach go háirithe chun a gcuid feasachta a mhúscailt chomh maith.

Muiris Ó Laoire

Ana-thábhachtach.

Karen Ní Chlochasaigh

Go raibh míle míle maith agat.

Muiris Ó Laoire

Fáilte romhat.

* ‘a mbíonn ag foghlaimeoirí maithe’ a deirtear

Téacs

Go bunúsach, tá dhá mhórchineál cur chuige i gceist maidir le teagasc teangacha – cur chuige a leagann béim ar an ról lárnach atá ag an múinteoir den taobh amháin agus cur chuige a leagann béim ar ról lárnach an fhoghlaimeora den taobh eile. Ba í an fhealsúnacht bhunaidh a bhí laistiar de chuid de na modhanna múinte traidisiúnta ná gurbh é an múinteoir a stiúir an fhoghlaím go huile is go hiomlán. Bhí ionchur mór ag an teagascóir i gcónaí i bpróisis na foghlama. I gcodarsnacht dhíreach leis sin, tá cur chuige dála an chur chuige chumarsáidigh bunaithe ar an tuiscint gurbh é an foghlaimeoir féin an té is tábhachtaí agus is lárnaí i bpróisis na foghlama agus an tsealbhaith.

Ba é Wilkins (1976) ar dtús a rinne idirdhealú idir cur chuigí sintéiseacha (*synthetic*) a chuireann béim ar mhúineadh na teanga céim ar céim i slí chórasach struchtúrtha agus cur chuigí anailíseacha (*analytic*) a chuireann béim ó thus deireadh ar ról an fhoghlaimeora sa phróiseas. Cabhraíonn cúrsaí atá leagtha amach de réir phrionsabail siollabais anailíse le foghlaimeoirí anailís a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ionchur teanga agus teacht go himmheánach agus go hiomasach ar thuiscint ar bhunrialacha na teanga.

Cén fáth a n-athraíonn na cur chuigí seo de réir a chéile? Tá forás leanúnach tagtha ó lár an chéid seo caite ar an tuiscint atá ag lucht na teangeolaíochta feidhmí ar an gcaoi ina sealbhaíonn an duine an mháthairtheanga agus an dara teanga. Tháinig athrú ar shiollabais, ar chúrsaí, agus ar mhodhanna múinte de bharr na léargas nua seo. Nuair a creideadh, cuir i gcás, nach raibh i gceist le sealbhú teanga ach sealbhú cineálacha iompair dhaonna – tuiscint a bhí á leathadh ag lucht an iomprachais (*behaviourists*); chuirte an-bhéim sna téacsleabhair agus sna cúrsaí teanga ina dhiaidh sin ar dhianchleachtadh, ar athrá agus ar dhruileáil. Ina dhiaidh sin, nuair a thug teangeolaithe dála Chomsky agus Krashen droim láimhe do theoiricí lucht an iomprachais trí áiteamh orainn go sealbhaítear teanga go huile is go hiomlán san intinn, gan fhios do dhuine, cuireadh deireadh de réir a chéile i gcuid mhaith téacsleabhar agus i gcúrsaí teanga le cleachtaí druileála agus athrá. Tugadh modhanna nua isteach, mar mhodh an chiúnaís agus an lánfhreagairt ghníomhach (*total physical response*). Nuair a d'áitigh Hymes (1971), cuir i gcás, gur féidir an teanga a shealbhú trí chumarsáid a chur i gcrích, cuireadh tús leis an gcur chuige cumarsáideach.

De réir a chéile, mar sin, leathnaíodh an tuiscint go raibh dlúthbhaint ag foghlaim níos mó ná teagasc leis an sealbhú teanga. Tosaíodh, mar sin, ag tabhairt breis airde ar an bhfoghlaimeoir féin...

...Táthar ag cur suime san fhoghlaimeoir aonair ó na 1970í anuas i réimse na teangeolaíochta feidhmí (Skehan 1989; Dörnyei agus Skehan, 2003; Ellis 2007). Tá roinnt mhaith taighde déanta ach go háirithe ar thréithe foghlaimeoirí a n-éiríonn go suntasach leo an teanga a shealbhú agus iad ar scoil (feic mar shampla, Rubin, 1975; O'Malley agus Chamot 1990; Naiman et al, 1996). Mar thoradh ar a cuid taighde i measc foghlaimeoirí, chuir Rubin (Rubin, 1975) liosta de thréithe le chéile a bhíonn ag foghlaimeoirí a n-éiríonn go maith leo i mbun teangacha a fhoghlaím. Bhain cuid de na tréithe sin le straitéisí áirithe ar bhaineadar úsáid astu. Seo a leanas liosta de na tréithe a liostaigh Rubin:

- Is dea-fhoghlaimeoir é an té a mbíonn fonn de shíor air buille faoi thuairim a thabhairt.

- Bíonn fonn láidir air cumarsáid a dhéanamh agus foghlaim ón gcumarsáid sin. Bheadh sé sásta triail a bhaint as rud ar bith chun an chumarsáid a chur i gcrích.
- Is cuma leis má dhéanann sé botún nó amadán de féin le linn cumarsáide.
- Is cuma leis mura mbíonn gach rud soiléir dó i gcónaí. D'fhéadfadh sé cur suas le héiginnteacht.
- Déanann sé cúram chomh maith de chruinneas agus den ghramadach. Bíonn sé de shíor ag faire amach do phatrúin.
- Cleachtann sé an sprioctheanga agus cumarsáid as a stuaim féin chomh minic agus is féidir.
- Tugann sé a chuid cainte agus caint daoine eile faoi deara. Is suim leis tuairimí daoine eile faoina chumas sa teanga.
- Tugann sé aird ar an mbrí arbh fhéidir a bhaint as an sprioctheanga.

Leanadh den taighde seo sna hochtóidí. Fuarthas amach de réir a chéile nach bhfuil múnla réamhdhéanta ann i gcomhair na dea-fhoghlama, faoi mar a d'áitigh Naiman et al (1996) ag deireadh a mórstaidéir ar thréithe coitianta dea-fhoghlaimeoirí.

The study as a whole suggests that the successful or good language learner with prede termined overall characteristics, does not exist. There are many ways of learning a language successfully.

Tosaíodh de réir a chéile ag cur cúinsí indibhidiúla foghlaimeoirí san áireamh. Go bunúsach, glacadh leis go raibh trí chúis i gceist sna difríochtaí a mhair idir foghlaimeoirí:

Tosca/cúinsí pearsanta/sochaíocha/timpeallachta

Ní hionann an cúlra atá ag aon bheirt fhoghlaimeoirí. Bíonn gach foghlaimeoir difriúil mar go mbíonn cúlra éagsúil teaghlaigh agus timpeallachta aige. Ní hionann tuin Bhéarla daltaí i Luimneach agus i gCorcaigh, cuir i gcás. Níos tábhachtaí fós, bronnar pearsantacht ar leith ó dhúchas ar gach duine agus imríonn na tréithe pearsanta sin tionchar mór ar mheon agus ar chur chuige an fhoghlaimeora aonair i mbun foghlama.

Tosca /cúinsí cognaíocha

Bíonn cumas éagsúil éirime ag gach dalta agus bíonn baint nach beag ag na cumais seo ar an tslí ina gcuireann sé chuig foghlaim. Imríonn na cumais chognaíocha seo tionchar ar an stíl foghlama agus ar an gcuimhne. Tá ról lárnach ag an gcuimhne ghearrthéarmach agus ag an gcuimhne fhadtéarmach i sealbhú teanga, cuir i gcás.

Tosca /cúinsí mothúchána

Tá baint nach beag ag mothúcháin leis an bhfoghlaim éifeachtach. Ní hamháin go n-éiríonn níos fearr le foghlaimeoirí a mbíonn suim acu sa sprioctheanga agus meas acu uirthi dá réir, ach téann mothúcháin an fhoghlaimeora i gcion ar an gcuimhne agus ar an sealbhú (Arnold, 1999; Reid, 1999).

‘Dea-fhoghlaimeoirí teanga i mbun foghlama: cad iad na bealaí éifeachtacha foghlama a bhíonn acu?’ Muiris Ó Laoire agus Karen Ní Chlohasaigh. *Teagasc na Gaeilge (Imleabhar 9)*. Comhar na Múinteoirí Gaeilge, Baile Átha Cliath: 2010. Le caoinchead ó na húdair agus ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge.